

An Bhruiséil, 16 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

14219/26

ENER 638

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	An creat iar-2030: spriocanna - Seisiún tuairimíochta

In oirchill na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh an 29 Deireadh Fómhair 2026, gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, an nóta cúlra ón uachtaránacht dar teideal ‘an Creat iar-2030: spriocanna’.

SEISIÚN TUAIRIMÍOCHTA MAIDIR LE SPRIOCANNA IAR-2030

Áirítear spriocanna fuinnimh sa chreat ‘Oiriúnach do 55’ chun tacú leis an uaillmhian fhoriomlán glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030, i gcomparáid le leibhéil 1990. Áirítear sa Dlí Aeráide Eorpach, a glacadh i mí an Mhárta 2026, sprioc chun astaíochtaí a laghdú 90 % faoi 2040 agus athdhearbhaítear ann an tiomantas aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Chun sprioc 2040 a ghnóthú, agus de dheasca staid athraitheach slándála fuinnimh na hEorpa, ní mór creat beartais fuinnimh nua a cheapadh do na 10 mbliana amach romhainn.

Ag eascairt as an seisiún tuairimíochta ar an ábhar a tharla roimhe seo ag an gComhairle Fuinnimh i mí an Mheithimh, seisiún inar áiríodh, i measc nithe eile, plé ar spriocanna maidir le fuinnimh in-athnuaite agus fuinneamh glan, ní mór breathnú anois ar ábhair ábhartha eile, mar shampla an éifeachtúlacht fuinnimh, an leictriúchán, an idirnascacht, an tsolúbthacht agus an athléimneacht fuinnimh.

Leis an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh atá ann faoi láthair, is tríd an laghdú ar thomhaltas fuinnimh a thomhaistear na spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh. D’fhéadfadh tomhas malartach, lena bhféadfadh an éifeachtúlacht fuinnimh agus, i gcomhthráth, an t-iomaíochas eacnamaíoch a dhreasú, a bheith ina sprioc chun an déine fuinnimh a fheabhsú. D’fhéadfaí é sin a ríomh i dtéarmaí an tomhaltais fuinnimh deiridh in aghaidh an aonaid aschuir eacnamaíoch, mar shampla OTI nó OIN.

Moltar sa *Phlean Gníomhaíochta um an Leictriúchán*, a foilsíodh i mí Iúil, sprioc tháscach chun sciar leictreachais reatha an Aontais a dhúbailt ó 23 % go 46 % faoi 2040 i gcás an tomhaltais fuinnimh deiridh. Faoi réir measúnú tionchair, d’fhéadfadh sprioc cheangailteach leictriúcháin a bheith sa chreat atá le ceapadh gan mhoill. Áiríodh sa Phlean freisin príomhtháscaire feidhmíochta le go mbeadh an cóimheas uasta idir an leictreachas agus an praghas i ngach Ballstát cothrom le 2.5 i gcás teaghlach agus 2 i gcás gnólachtaí.

Leis *an Rialachán Rialachais*, bunaíodh sprioc idirnascachta dar méid 15 % ar a laghad faoi 2030. I bhfianaise ról na hidirnascachta, na stórála agus na solúbthachta chun tacú le cur in úsáid an fhuinnimh ghlain agus leis an tslándáil fuinnimh araon, lena n-áirítear, más féidir, trí bhíthin cumas dúthosaithe, d'fhéadfaí breathnú ar spriocanna a leagan síos sna réimsí sin don tréimhse iar-2030. Leis an méadú ar an gcistiú atá beartaithe don bhonneagar fuinnimh sa *tSaoráid um Chónascadh na hEorpa* d'fhéadfaí tacú le tionscadail lena bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo agus gréasáin leictreachais trasteorann a neartú.

Cé go meastar go gcuirfidh an pacáiste atá ar na bacáin maidir leis *an tslándáil fuinnimh a neartú* feabhas ar an gcreat slándála fuinnimh atá ann cheana, d'fhéadfaí breathnú freisin ar spriocanna sonracha athléimneachta fuinnimh a chur sa chreat iar-2030.

Ar deireadh, agus aitheantas á thabhairt don uaillmhian uileghabhálach i dtreo an tsimplithe i gcás inar féidir, d'fhéadfaí measúnú a dhéanamh arís ar a luachmhaire atá spriocanna earnála. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfaí breathnú ar an gceist an bhféadfadh roinnt earnálacha atá ag teacht chun cinn tairbhe a bhaint as an uaillmhian níos soiléire agus as an aird bheartais níos dlúithe is féidir le spriocanna earnála a sholáthar.

Ceisteanna le breithniú ag na hairí:

1. *Cén fhoirm ba cheart a bheith ag an sprioc éifeachtúlachta fuinnimh don tréimhse iar-2030? Ar cheart é a leagan síos de réir an tomhaltais fuinnimh, de réir an fheabhais ar an déine fuinnimh, nó i méadracht eile?*
2. *I réimsí an leictriúcháin, na hidirnascachta, na solúbthachta agus na hathléimneachta fuinnimh, cad iad na spriocanna atá ann cheana ba cheart a choinneáil nó a neartú, nó na spriocanna ar cheart deireadh a chur leo de réir a chéile, agus cad iad na spriocanna nua ba cheart a thabhairt isteach?*